



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

Bitheolaíocht

Roinn A agus B agus Freagarleabhar

Ardleibhéal

Dé Máirt 14 Meitheamh Tráthnóna 2:00 - 5:00

290 marc

Scrúduimhir

<input type="text"/>					
----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Lá agus Mí do Bhreithe

<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Scríobh 3 Feabhra mar 0302,
mar shampla

Stampa an Ionaid

<input type="text"/>

Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo.

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá trí roinn sa scrúdú seo. Tá ceisteanna Roinn **C** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

Moltar duit gan níos mó ná 30 nóiméad a chaitheamh ar Roinn **A** agus 30 nóiméad ar Roinn **B**, sa tstí go mbeidh 120 nóiméad agat do Roinn **C**.

Roinn A	Freagair ceithre cheist ar bith as an roinn seo. Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.
Roinn B	Freagair ceist amháin ar bith as an roinn seo. Tá 30 marc ag gabháil le gach ceist.
Roinn C	Freagair trí cheist ar bith as an roinn seo. Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn A
Freagair ceithre cheist ar bith.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

1. Freagair **cúig** cinn ar bith de na codanna seo a leanas, (a) go (f):

- (a) Ainmnigh na **ceithre** dhúil a fhaightear i **ngach** próitén.

- (b) Ainmnigh dúil nach bhfaightear ach uaireanta i bpróiténí.

- (c) Cé mhéad aimínaigéad coitianta a fhaightear i bpróiténí?

- (d) Tá ról struchtúrach ag próiténí snáithíneacha in orgánaigh bheo.
Ainmnigh aon phróitén shnáithíneach **amháin**.

- (e) Tabhair ról meitibileach **amháin** atá ag próiténí in orgánaigh bheo.

- (f) Tabhair foinse mhaith próiténine **amháin** sa réim bhia.

2. Scríobh abairt ghearr chun **gach** ceann de na téarmaí seo a leanas a mhíniú.

(a) Éiceolaíocht

(b) Biashlabhra

(c) Toisc éidifeach


(d) Staidéar cainníochtúil

(e) Uilitoir

(f) lomaíocht choimhlinte

(g) Fosú nítrigine

3. Déan staidéar ar an íomhá thíos ina dtaispeántar tacar de chrómasóim dhaonna (caraitíopa). Tá na crómasóim eagraithe ina dtacair homalógacha i gcomhair anailísé (i.e. tá péire de chrómasóim uimhir '1' ann, péire de chrómasóim uimhir '2', agus mar sin de). Is ó dhuine ar a bhfuil an riocht géiniteach ar a dtugtar siondróm Down an caraitíopa a thaispeántar.



(a) Ainmnigh an **dá** chomhpháirt cheimiceacha a chomhdhéann crómasóim.

1.

2.

(b) An ó bhaineannach nó ó fhireannach an caraitíopa a thaispeántar thuas?


(c) Cosain an freagra a thug tú ar chuid (b) thuas.

(d) Cén fhianaise a thaispeántar sa charaitíopa go bhfuil an riocht géiniteach, siondróm Down, ar an duine sin?

(e) Is riocht í an ainéime chorráncéallach a bhfuil cineál eile sócháin, seachas an cineál is cúis le siondróm Down, mar chúis leis. Ainmnigh an cineál eile sócháin sin.

(f) Is sampla feidhmeach de shaothrúchán fíochán atá san anailís eolaíochta ar charaitíopaí crómasóm. Tabhair feidhm (nó úsáid) **amháin** eile atá ag saothrúchán fíochán.

4. San íomhá, taispeántar trasghearradh trí mhíteacoindre a táirgeadh agus leictreonmhicreascóp tarchuir á úsáid.



- (a) Mínigh an fáth nach féidir an íomhá thusa a tháirgeadh agus micreascóp solais á úsáid.

- (b) Ainmnigh cineál **amháin** de chill ainmhí **nach** bhfuil miteacoindri inti.

--

- (c) Tá dhá chéim sa riospráid aeróbach.

- (i) Ainmnigh an chéim den riospráid aeróbach **nach** dtarlaíonn sa mhíteacoindre **agus** luaigh an suíomh ina dtarlaíonn sé.

Ainm:
Suíomh:

- (ii) Ainmnigh an tsraith d'imoibrithe ceimiceacha a bhfuil baint ag aicéitil Co-A léi agus a tharlaíonn sa mhíteacoindre.

--

- (iii) Luaigh líon na n-adamh carbóin i móilín d'aicéitil Co-A.

--


- (d) Uaireanta, táirgtear aigéad leachtach le linn riospráide.

Déan cur síos ar riocht a bhféadfadh sé sin tarlú lena linn.

5. Cuir tic (✓) sa bhosca cuí lena thaispeáint cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

		Fíor	Bréagach
(a)	Tá copar (Cu) ar cheann de na dúile coitianta i mbia.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(b)	Is saintréith de chuid na beatha atá sa fhreagairt.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(c)	Pléascfar cill ainmhí má chuirtear i dtuaslagán siúcra thiubhaithe í.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(d)	Is fulichealla bána iad macrafagaigh a thálann bréifnin (<i>perforin</i>).	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(e)	Is grúpaí fíochán iad orgáin a bhfuil feidhm i gcomhpháirt acu.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(f)	Úsáidtear eitén chun torthaí a aibiú.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(g)	Tá na baill uile de Ríocht na bhFungas heitreatrófach.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

6. Rinne mac léinn turgnamh ina ndearnadh comparáid idir gníomhaíocht liopáise aisti féin agus gníomhaíocht liopáise agus salainn domlais le chéile ar dhíleá lipidé thar thréimhse ama. Taispeántar ar an ngraf thíos na torthaí a fuair an mac léinn sa turgnamh.



- (a) Cén tátal maidir le díleá lipidí a d'fhéadfadh an mac léinn a bhaint as graf na dtorthaí thusa?

- (b) Ainmnigh **dhá** tháirge ar toradh iad ar dhíleá iomlán lipidí ag an liopáis.

1.
2.

- (c) Ainmnigh suíomh i gcóras an díleá ina ndéanann liopáis lipidí a dhíleá.


- (d) Mol pH optamach i gcomhair díleá lipidí sa suíomh atá ainmnithe agat i gcuid (c) thusa.

- (e) Déan cur síos ar ghníomhú salann domlais ar lipidí.

- (f) Is struchtúir mhicreascópacha i gcóras an díleá iad villis a chuidíonn le hionsú cothaitheach.

Ainmnigh an struchtúr taobh istigh de gach villeas a ionsúnn tárgí díleá lipidí.

7. Sa léaráid thíos, taispeántar struchtúr víris thíopúil, amhail SARS-CoV-2 (cineál coróinvíris). Is sampla amháin de víreas díobhálach é agus is é is cúis le COVID-19 sa duine.



- (a) Ainmnigh móilín A.

- (b) Bíonn antaiginí i láthair i víris. **Ar an léaráid thusas**, tarraing saighead ó 'X' chun suíomh antaigine a thaispeáint go cruinn.

- (c) Mínigh an fáth a ndeirtear gur seadáin éigeanta iad víris.

- (d) Tá sé cruthaithe go bhfuil an vacsaíniú an-éifeachtach sa troid in aghaidh COVID-19. Mínigh go sonrach an téarma *vacsaíniú*.

- (e) Ainmnigh víreas díobhálach **amháin**, seachas SARS-CoV-2 (coróinvíreas).

- (f) Tabhair sampla **amháin** d'fheidhm thairbheach atá ag víreas.

Roinn B

Freagair ceist amháin ar bith.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Gabhann 6 mharc le cuid (a) agus gabhann 24 marc le cuid (b) i ngach ceist sa roinn seo.


8. (a) Scríobh abairt ghearr faoi chill eocárótach **agus** abairt ghearr faoi chill phrócarótach chun idirdhealú soiléir a dhéanamh eatarthu.

Eocárótach:

Prócarótach:


- (b) Chonaic mac léinn na híomhánna seo a leanas nuair a bhí cealla ruaimnithe á scrúdú aige le micreascóp solais. Scrúdaíodh íomhá **A** x400 agus íomhá **B** x100.

- (i) Cé acu íomhá, **A** nó **B**, a léiríonn fíochán planda?



- (ii) Tabhair cúis le do fhreagra i gcuid (b) (i) thusa.

- (iii) Sainaithin struchtúr **Z**.



- (iv) Agus cealla á scrúdú faoin micreascóp:

1. Ainmnigh ruaim a d'fhéadfaí a úsáid.

2. Tabhair tairbhe **amháin** le ruaim a úsáid.

- (v) Bhí íomhá na cille in **A** 2 cm ar leithead. Cad é fíorleithead na cille seo?

- (vi) Taispeántar cealla ag x100 in íomhá **B**.

Déan cur síos ar na céimeanna a ghlactar chun na cealla seo a bhreithniú ag x400.

9. (a) (i) Cad a chialláonn an téarma *uatrófach*?

(ii) Mínigh an fáth gur imoibriú anabalach atá san fhótaisintéis.

(b) Bíodh freagraí na gceisteanna seo a leanas bunaithe ar ghníomhaíocht a rinne tú chun an tionchar atá ag déine an tsolais **nó** ag tiúchan na dé-ocsaíde carbóin ar ráta na fótaisintéise a iniúchadh.

(i) Ainmnigh orgánach fótaisintéiseach oriúnach a d'úsáid tú san iniúchadh sin.

(ii) Cén fáth a raibh an t-orgánach atá ainmnithe i gcuid (b) (i) thusa oriúnach don iniúchadh sin?


(iii) Cén fáth a raibh sé tábhachtach tosca eile, amhail an teocht, a choinneáil tairiseach le linn an iniúchta?

(iv) Conas a choimeád tú teocht an orgánaigh tairiseach sa ghníomhaíocht sin?

(v) Mínigh conas a thomhais tú ráta na fótaisintéise.

(vi) Ar na haiseanna thíos, sceitsíáil **dhá** ghráf mar a chuirtear síos orthu thíos:

1. Agus líne sholadach (—) á húsáid agat, sceitseáil an toradh a mbeifeá ag súil leis ag 25 °C.
2. Agus líne bhriste (-----) á húsáid agat, sceitseáil an toradh a mbeifeá ag súil leis dá ndéanfaí an ghníomhaíocht ag 60 °C.



10. (a) (i) Luagh suíomh i bplandaí ina dtáirgtear rialaitheoirí fáis.

- (ii) Conas a iompraítéar rialaitheoirí fáis thart timpeall i bplanda?

- (b) Bíodh freagraí na gceisteanna seo a leanas bunaithe ar iniúchadh a rinne tú chun an tionchar a bhí ag rialaitheoir fáis IAA ar fhíochán planda a fhiosrú.

- (i) Ainmnigh fíochán planda oiriúnach a d'úsáid tú san iniúchadh sin.

- (ii) Déan cur síos ar an mbealach ar chuir tú an t-iniúchadh i bhfearas.

- (iii) Déan cur síos ar an tslí ar thomhais tú tionchar IAA ar an bhfíochán planda.

- (iv) Déan cur síos ar thoradh **amháin** ar bith ar d'iniúchadh.

- (v) Déan cur síos ar réamhchúram sábháilteachta **amháin** a ghlac tú agus an t-iniúchadh sin á dhéanamh agat.

Freagarleabhar do Roinn C

Treoracha

Tá ceisteanna Roinn C ar fáil i gceistpháipéar ar leith.


Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanáigh. Úsáid an colún ar thaobh na láimhe clé chun gach cuid a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.


Cuid	Ceist	Tosaigh gach ceist ar leathanach nua		
	<table border="1"><tr><td>0</td><td>4</td></tr></table>	0	4	
0	4			
(a)				
(b)(i)				
(b)(ii)				

Tá dhá leathanach grafpháipéir ar fáil ar an gcéad dá leathanach eile den fhreagarleabhar seo. Ar an ngrafpháipéar, is ag bun an leathanáigh atá an bosca i gcomhair uimhir na ceiste.

Ní gá duit gach leathanach sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Ach má úsáideann tú an spás ar fad sa fhreagarleabhar seo, is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Féadfaidh tú peann luaidhe a úsáid le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.





Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist



Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

**Bitheolaíocht Roinn A agus B agus
Freagarleabhar**

Dé Máirt 14 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 5:00



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

Bitheolaíocht

Róinn C

Ardleibhéal

Dé Máirt 14 Meitheamh Tráthnóna 2:00 - 5:00

180 marc

Ná tabhair ar ais an ceistpháipéar seo.
Ní chuirfear ar ais chuig
Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Roinn C

Freagair trí cheist ar bith.

Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ina bhfuil Roinn A agus B.

11. (a) (i) Tabhair réamhchúram **amháin** a ghlacann eolaithe nuair a bhítear ag obair le miocrorgánaigh sa tsaotharlann.
(ii) Mínigh na téarmaí *aiseipseas agus steirilíocht* mar a bhaineann siad le horgánaigh bheo.

(9)

- (b) (i) Tarraing léaráid mhór lipéadaithe de chill bhaictéarach thíopúil.
(ii) Is féidir le mórán speiceas baictéar ionspóir a tháirgeadh.
Déan cur síos ar na príomhimeachtaí i dtáirgeadh ionspór.
(iii) Is féidir le baictéir dhíobhálacha a bheith ina gcúis le galar i ndaoine.
1. Tabhair **dhá** shampla ar bith de bhaictéir dhíobhálacha.
2. Is féidir ionfhabhtuithe baictéaracha a chóireáil le hantaibheatthaigh.
Cad is antaibheatthach ann?
3. Luagh cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith le teacht chun cinn na frithsheasmhachta in aghaidh antaibheatthach i mbaitéir.

(27)

- (c) Déantar próiseáil bia i mbith-imoibreoir agus miocrorgánaigh, amhail baictéir agus roinnt fungas, á n-úsáid.
Is féidir sin a dhéanamh mar bhaiscphróiseáil bia nó mar phróiseáil leanúnach bia.
(i) Tabhair **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar fhás miocrorgánach, amhail baictéir.
(ii) Mínigh conas a théann ceachtar de na tosca a d'ainmnigh tú i gcuid (c) (i) thusa i bhfeidhm ar an bhfás.
(iii) Scríobh abairt ghearr faoi bhaiscphróiseáil bia **agus** abairt ghearr faoi phróiseáil leanúnach bia chun idirdhealú a dhéanamh eatarthu.
(iv) Sceitseáil cuar fáis miocrorgánaigh.
Cuir lipéid ar na haiseanna **agus** lipéid ar an gcuar leis na cúig phas thíos a thaispeáint.

Nóta: níl an liosta thíos san ord ceart.

cónaitheach marthanais logartamach meathlú moille

(24)

12. (a) Mínigh na **trí** théarma éiceolaíochta seo a leanas: *bithsféar; nideog; siombóis.* (9)

(b) Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Is grúpa marfach creachadóirí iad na snáthaidí móra in Éirinn. Déanann siad ruathar ar chorrmhíoltá le haeraclaíocht iontach agus éiríonn leo iad a aimsiú go minic de bharr a gcuid comhshúl ollmhór.

Bíonn snáthaidí móra ag fiach gar do bhruacha na habhann agus d'uiscebhealaí eile. Ní mór cáilíocht an uisce a bheith an-mhaith i gcomhair fhormhór na speiceas. Teastaíonn fásra uathu chomh maith, chun cosanta agus chun uibheacha a bhreith. Caitheann snáthaidí móra bunús a saoil mar nimfeacha (snáthaidí óga neamhaibí) in uiscebhealaí. Is creachadóirí beaga faille a dhéanann luíochán atá iontu siúd. Itheann siad inveirteabraigh bheaga (e.g. dreancaidí uisce) den chuid is mó.



Is féidir go dtógfadh sé idir bliain agus trí bliana ar na nimfeacha teacht in aibíocht mar shnáthaidí móra lánfhásta. Ní mhaireann na cinn fhásata ach cúpla seachtain mar bíonn siad mar chreach ag éin (e.g. fáinleoga).

Tá suirbhé ar shnáthaidí móra á dhéanamh ag an Ionad Náisiúnta le Sonrai Bithéagsúlachta agus iarrtar ar oibrithe deonacha snáthaidí móra a shainaithint agus suirbhé a dhéanamh ar a ngnáthóga.

(In oiriúint ó “*Irish dragonflies: supreme killing machines*”, *The Irish Times*, 5 Meán Fómhair 2019)

- (i) Mol cúis **amháin** a bhfuil na snáthaidí móra chomh maith sin mar chreachadóirí.
- (ii) Tabhair **dhá** bhuntáiste do phobail de snáthaidí móra a bheith ina gcónaí in aice le fásra fíorusisce.
- (iii) Mol buntáiste le foinsí éagsúla bia a bheith ag an gceann fásta agus ag an nimfeach.
- (iv) Cén cineál caidrimh éiceolaíochta atá idir fáinleoga agus snáthaidí móra?
- (v) Mol slí **amháin** a d'fhéadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas dul i bhfeidhm ar phobal na snáthaidí:
 1. galar a theacht ar na fáinleoga.
 2. fásra a ghearradh (e.g. giolcach) ar feadh bhruacha na habhann.
- (vi) Mol cúis **amháin** a bhfuiltear ag iarraidh ar oibrithe deonacha snáthaidí móra a shainaithint.
- (vii) Cad a d'úsáidfeadh oibrí deonach chun cuidiú leis/léi snáthaidí móra a shainaithint?

(27)

- (c) (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhimeachtaí i dtimthrialla an charbóin.
(ii) Mínigh an fáth a bhfuil timthriall an charbóin ríthábhachtach don bheatha ar an Domhan.


Tá téamh domhanda ag tarlú ar ráta nár tharla riamh cheana.

Is de bharr thruailliú an atmaisféir le gáis cheaptha teasa atá sé ag tarlú.

- (iii) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
- (iv) Tá bainistíocht dramhaíola tábhachtach i srianadh an truaillithe. Tabhair sampla **amháin** de bhainistíocht dramhaíola sa talmhaíocht **nó** san iascach **nó** san phoraoiseacht.
- (v) Seachas an téamh domhanda nó an truailliú, tabhair **dhá** thoisc ar féidir leo tionchar a bheith acu ar an daonra.

(24)

13. (a) Tá aigéid núicléasacha comhdhéanta d'fho-aonaid ar a dtugtar núicléitídí.
Tarraing struchtúr núicléitíde **amháin** ar bith **agus** cuir lipéad air.
- (b) Sa léaráid, taispeántar cuid de na himeachtaí i sintéisiú próitéine.



- (i) Cén t-ainm atá ar phróiseas **K** a mbíonn móilín **L** mar thoradh air?
- (ii) Ainmnigh móilín **L**.
- (iii) Is mar seo a leanas atá cuid de sheicheamh na mbunanna nítrigineacha sa ghéin:
Seicheamh na mbunanna: **A C G T G C T G A**
Agus tú ag baint úsáid as an seicheamh seo, scríobh amach in ord seicheamh comhlántach na mbunanna a fhaightear i móilín **L**.
- (iv) Tabhair ainm na hoscaithe trína n-imíonn móilín **L** amach as orgánaid **J**.
- (v) Sroicheann móilín **L** struchtúr **M** sa chíteasol, mar a léirítear.
1. Sainaithin struchtúr **M**.
 2. Ainmnigh an príomh-mhólín as a bhfuil struchtúr **M** déanta.
- (vi) Déan cur síos ar na himeachtaí a tharlaíonn ag struchtúr **M**, a cheadaíonn táirgeadh prótéin fheidhmiúil.

(27)


- (c) I bplandaí scuaise, tá an ailléil do thorthaí bána (**T**) ceannasach ar an ailléil do thorthaí buí (**t**). Tá an ailléil do thorthaí dioscacha (**D**) ceannasach ar an ailléil do thorthaí sféarúla (**d**). Tá na géinte a rialaíonn dath thorthaí agus cruth thorthaí suite ar chrómásóim éagsúla.
Crosáladh planda scuaise atá homaisigeach ceannasach i dtaca le dath agus cruth de, le planda scuaise atá homaisigeach cúlaitheach i dtaca leis an dá cheann de.
- (i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
- (ii) Tarraing **dhá** léaráid de chrómásóim (ceann do gach tuismitheoir) ina dtaispeántar suíomh **gach** ailléile ar chrómásóim homalógacha. Cuir in iúl go soiléir cén ceann díobh atá homaisigeach ceannasach agus cén ceann díobh atá homaisigeach cúlaitheach.
- (iii) Agus úsáid á baint agat as cearnóg Punnett, nó ar bhealach eile, déan cur síos ar thoradh an chros-síolraithe seo.

(24)

14. (a) (i) Cén orgánaid sa chill a dtarlaíonn an fhótaisintéis inti?
(ii) Ainmnigh an lí atá riachtanach don fhótaisintéis.
(iii) Déan cur síos ar shlí **amháin** ar féidir le gairneoirí barra plandaí a mhéadú i dtithe gloine.

(9)

- (b) Tarlaíonn próiseas na fótaisintéise thar dhá chéim mar a léirítear thíos.
Déan staidéar cúramach ar an léaráid agus freagair na ceisteanna a leanas.



- (i) Scoiltear uisce le linn chéim 1 agus funneamh an tsolais á úsáid.
Cén t-ainm a thugtar ar an bpróiseas sin?
(ii) Sainaithin móilín X, a tháirgtear mar sheachtháirge de scoilteadh an uisce.
(iii) Sainaithin móilín Y.
(iv) Déan cur síos ar an tslí a dtáirgtear móilín Y.
(v) Ainmnigh céim 2 a thaispeántar sa léaráid thuas.
(vi) Cad a seasann ATP dó?
(vii) Cén ról atá ag ATP i gcéim 2 den fhótaisintéis mar a thaispeántar sa léaráid thuas?
(viii) Sainaithin móilín Z, táirge deiridh chéim 2.

(27)

- (c) Tarlaíonn an t-idirphas agus an miotóis le linn thimthriall na cille.
Tarlaíonn próiseas na miotóise thar cheithre phas (an própas, an meiteapas, an t-anapas agus an teileapas).
(i) Déan cur síos ar **dhá** imeacht a tharlaíonn le linn an phrópas.
(ii) Déan cur síos ar imeacht **amháin** a tharlaíonn le linn an mheiteapas.
(iii) Tarraing léaráid mhór lipéadaithe de chill, a bhfuil uimhir dhioplóideach a ceathair aici, le linn anapas na miotóise.
(iv) Ag deireadh na miotóise, tarlaíonn cilldeighilt.
Déan cur síos ar an gcaoi a dtarlaíonn cilldeighilt i gcill ainmhí **agus** i gcill planda.

(24)

15. (a) Is próiseas tábhachtach an t-eisfhearadh sa hoiméastáis in orgánaigh bheo.


(i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(ii) Ainmnigh orgán eisfeartha **amháin** i bplandaí.

(9)

- (b) Is é duán an duine agus ceann dá neafrón atá sna léaráidí thíos.

(FNC = fidín neasach comhchasta; FAC = fidín aimhneasach comhchasta)



(i) Tá na duáin suite san abdóman agus ciseal tiubh saille thart timpeall orthu.

Cad é an fheidhm atá ag an gciseal saille sin?

(ii) Sainaithin réigiún an duáin a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu.

(iii) Sainaithin an réigiún sa duán, le hainm nó le lipéad, ina dtarlaíonn próiseas an scagtha.

(iv) Mínigh an tábhacht a bhaineann le fuil a bheith ag dul isteach sa ghlomarúlach faoi bhrú.

(v) Luagh **dhá** chúis le móran ribeadán a bheith timpeall ar an bhfidín neasach comhchasta (FNC), ar lúb Henle agus ar an bhfidín aimhneasach comhchasta (FAC) sa neafrón.

(vi) Déan cur síos ar an mbealach a mbíonn tionchar ag ADH (hormón antafhualach) ar thoirt an fhuail.

(vii) Bailíonn fual sa réigiún a bhfuil lipéad **C** air sa léaráid den duán agus bogann sé ar aghaidh i dtreo an lamhnáin.

Ainmnigh an struchtúr trína mbogann fual go dtí an lamhnán.

(27)

- (c) Teastaíonn uisce ó phlandaí chun maireachtáil.

(i) Cén próiseas trína dtéann uisce isteach sna fréamhribí?

(ii) Tarraing léaráid mhór de thrasghearradh trí fhréamh **agus** cuir lipéad ar na cineálacha fíocháin seo a leanas: **deirmeach**; **boinn**; **soithíoch**.

(iii) Ainmnigh an **bheirt** eolaithe Éireannacha a rinne cur síos den chéad uair ar gluaiseacht an uisce suas i bplandaí.


(iv) Déan cur síos mionsonrach ar ghluaiseacht an uisce suas i bplandaí.

(24)

16. Freagair **dhá** chuid ar bith de (a), (b), (c), (d).


(30, 30)

- (a) (i) Ta néarchóras an duine roinnte ina dhá chuid.
Ainmnigh **gach** aon cheann de na codanna sin.
- (ii) Tarraing léaráid mhór de néarón **agus** cuir lipéid ar na codanna seo a leanas:
deindrítí; **acsón;** **truaill mhiailineach.**
- (iii) Scríobh abairt ghearr faoi fheidhm idirnéaróin **agus** abairt ghearr faoi fheidhm néaróin chéadfaigh chun idirdhealú a dhéanamh orthu.
- (iv) Conas a sheoltar néar-ríog ar feadh néaróin?
- (v) Ainmnigh an bhearna idir dhá néarón atá i ndlúth-theagháil lena chéile.
- (vi) Tabhair cúis fhéideartha **amháin** leis an bpairilis **nó** le galar Parkinson.
I do fhreagra, luaigh go soiléir cé acu neamhord den néarchóras a bhfuil tú ag tagairt dó.
- (b) Taispeántar struchtúr inmheánach shúil an duine sa léaráid.



- (i) Ainmnigh na codanna den tsúil a bhfuil na lipéid **P**, **Q** agus **R** orthu.
- (ii) Ainmnigh an **dá** chineál de chill gabhdóra solais sa reitine **agus** luaigh feidhm **amháin** le **gach** ceann ar leith.
- (iii) Mínigh conas a d'fhéadfadh an daille a bheith ina toradh ar dhamáiste don chuid a bhfuil lipéad **R** uirthi.
- (iv) Tá tionchar ag déine an tsolais ar an inteachán agus ar an mac imrisc.
Sceitseáil **dhá** léaráid de thosach na súile chun iad seo a thaispeáint:
1. an t-inteachán agus an mac imrisc faoi sholas geal
2. an t-inteachán agus an mac imrisc faoi sholas lag.
- (v) Déan cur síos ar mhodh ceartaithe **amháin** i gcomhair ceann amháin díobh seo a leanas:
fadradharc **nó** gearr-radharc **nó** neamhord éisteachta ainmnithe.
Luaigh go soiléir i do fhreagra cé acu neamhord a bhfuil tú ag tagairt dó.
- (vi) Tá an radharc agus an éisteacht ar dhá cheann de na cúig chéadfa atá ag an duine.
Ainmnigh ceann **amháin** de na céadfaí eile **agus** ainmnigh orgán a bhfuil baint aige leis an gcéadfa sin.


- (c) Is é an t-alt an áit i gcnámharlach an duine a dteagmhaíonn dhá chnámh lena chéile. Is ailt shionóibhiacha (shoghluaiste) atá i bhformhór na n-alt. Tá roinnt cineálacha ann ag brath ar na gluaiseachtaí a cheadaíonn siad. Taispeántar alt sionóibhiach sa léaráid.



- (i) Ainmnigh cineál **amháin** d'alt sionóibhiach **agus** luaigh suíomh **amháin** sa chorp ina bhfaightear é.
 - (ii) Ainmnigh struchtúr **A** a cheanglaíonn dhá chnámh le chéile in alt.
 - (iii) Ainmnigh an chuid a bhfuil lipéad **B** uirthi **agus** tabhair feidhm **amháin** atá aici.
 - (iv) Ainmnigh an struchtúr a cheanglaíonn matáin le cnámha.
 - (v) Tabhair feidhm **amháin** atá ag cnámh dhlúth.
 - (vi) Ta barraí agus plátaí cnámhacha agus spásanna neamhrialta eatarthu sa chnámh spúinsiúil.
Ainmnigh an fíochán a líonann na spásanna sin **agus** tabhair feidhm **amháin** atá ag an bhfíochán sin.
 - (vii) Tabhair cúis fhéideartha **amháin** leis an airtríteas **nó** leis an oistéapóróis.
I do fhreagra, luaigh go soiléir cé acu neamhord matánchnámharlaigh a bhfuil tú ag tagairt dó.
- (d) Freagair na ceisteanna seo a leanas ó eolas atá agat ar atáirgeadh gnéasach i bplandaí bláthanna.
- (i) Luaigh an cnuasainm a úsáidtear chun cur síos ar antar agus ar filiméad an bhláthha.
 - (ii) Táirgtear gráinní pailine san antar.
Tabhair breac-chuntas ar na príomhimeachtaí i bhforbairt na ngráinní pailine san antar.
 - (iii) Cad a chialláinn an téarma *pailniú*?
 - (iv) Ainmnigh **dhá** mhodh trína féidir leis an bpailniú tarlú.
 - (v) Déan cur síos ar na príomhimeachtaí a tharlaíonn díreach i ndiaidh an phailnithe.

- (a) Sna grianghraif ar dheis tá an bheirt eolaithe a bhfuil sé curtha síos dóibh gur fhorbair siad i gcomhar lena chéile teoiric na héabhlóide trí roghnú nádúrtha.

Ceann de na pointí a chuirtear chun cinn le teoiric an roghnaithe nádúrtha is ea:



**Bíonn éagsúlacht i measc na mball
de speiceas agus faightear na héagsúlachtaí
sin le hoidhreacht.**


Is é is éagsúlachtaí ann na difríochtaí idir bhaill den speiceas céanna. Cuireann sócháin agus an mhéóis leis na héagsúlachtaí sin.

- (i) Ainmnigh an **bheirt** eolaithe a bhfuil sé curtha síos dóibh gur fhorbair siad teoiric na héabhlóide trí roghnú nádúrtha.
- (ii) Mínigh na **trí** théarma a bhfuil line fúthu.
- (iii) Mínigh conas a chuireann an mhéóis leis an éagsúlacht.
- (iv) Déan cur síos ar **thrí** phointe a cuireadh chun cinn i dteoiric an roghnaithe nádúrtha, seachas an ceann a bhfuil cur síos air sa sliocht thuas.
- (v) Tabhair píosa **amháin** fianaise a thacaíonn le teoiric an roghnaithe nádúrtha.

- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas atá bunaithe ar atáirgeadh an duine.

- (i) Déantar an phlacaint as fíochán na máthar agus an tsutha.
Luaigh **dhá** ról atá ag an bplacaint.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar phróiseas na breithe, ról na hormón san áireamh.
- (iii) Luaigh modh breithrialaithe **amháin**.
- (iv) Ainmnigh an hormón atá freagrach as tál bainne.
- (v) Luaigh **dhá** thairbhe bhitheolaíochta le cothú cíche.

- (c) Freagair na ceisteanna seo a leanas ón eolas atá agat ar an atáirgeadh i bplandaí bláthanna.
- (i) Luagh an suíomh ina stóráiltear bia de ghnáth iontu seo:
 1. síolta monacotailéadónacha
 2. síolta déchotailéadónacha
 - (ii) Déan cur síos ar conas a chuireann síolta le déanamh toraidh.
 - (iii) Ainmnigh cuid **amháin** de bhláth as ar féidir le toradh fás.
 - (iv) Tabhair breac-chuntas ar ról **amháin** atá ag an ngéineolaíocht i dtáirgeadh torthaí.
 - (v) Is é is scaipeadh síolta ann ná síolta á n-aistriú ar shiúl ón máthairphlanda. Tabhair **dhá** bhuntáiste le scaipeadh síolta.
 - (vi) Is é is péacadh ann ná athfhás sutha planda. Déan cur síos ar an ról atá ag **gach** ceann díobh seo a leanas:
 1. Dileá
 2. Riospráid
 - (vii) Is féidir le cuid mhaith plandaí bláthanna atáirgeadh go héighnéasach. Tabhair sampla **amháin** den atáirgeadh éighnéasach i bplandaí bláthanna.
- (d) Sna léaráidí **X**, **Y** agus **Z** thíos, taispeántar an croí le linn tréimhsí de thimthriall an chroí. Déan staidéar cúramach ar na léaráidí agus freagair na ceisteanna a leanas.



- (i) Ainmnigh an tréimhse de thimthriall an chroí ina mbíonn matán cairdiach an chroí:
 1. ag crapadh
 2. gan a bheith ag crapadh.
- (ii) Cé acu léaráid, **X** nó **Y** nó **Z**, ina bhfuil na méadailíní ag crapadh? Mínigh conas atá a fhios agat go bhfuil na méadailíní ag crapadh.
- (iii) Luagh an suíomh ina bhfuil an nód cuasaitriach (SA) sa chroí.
- (iv) Tá córas imshruthaithe dhá chiorcad sa duine. Ainmnigh an ciorcad:
 1. a bpumpálann an méadailín deas fuil chuige.
 2. a bpumpálann an méadailín clé fuil chuige.
- (v) Cruthaíonn gach buille croí dhá fhuaim inchloiste. Cad is cúis leis na fuameanna seo?
- (vi) Cén fheidhm atá ag an artaire corónach (cairdiach)?
- (vii) Déan cur síos ar thionchar aon cheann **amháin** díobh seo a leanas ar chóras an imshruthaithe: caitheamh tobac **nó** acláiocht.

Ná tabhair ar ais an ceistpháipear seo.
Ní chuirfear ar ais chuig
Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Ná tabhair ar ais an ceistpháipéar seo.
Ní chuirfear ar ais chuig
Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiriúodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Uillmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

An Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

Bitheolaíocht Roinn C

Dé Máirt 14 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 5:00